Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7158/26**

**MI 223**
**IND 175**
**CHIMIE 24**
**COMPET 297**
**RECH 113**
**ENV 209**
**CONSOM 71**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1438 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1438 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1438 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.3.2026
C(2026) 1438 final

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

**an 6.3.2026**

**maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh'**

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.3.2026**

**maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh'**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar béim sa Chompás Iomaíochais([1]) ar a thábhachtaí atá sé an bhearna nuálaíochta a dhúnadh chun fás inbhuanaithe fadtéarmach a spreagadh. Leagtar béim inti ar a thábhachtaí atá an nuálaíocht chun borradh a chur faoi iomaíochas thionscal ceimiceán an Aontais, mar aon le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Leagtar béim sa Chompás Iomaíochais freisin ar an ngá atá le breathnú ar sholáthar ceimiceán criticiúil agus infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí a bheidh tábhachtach i ngeilleagar an lae amárach, amhail ardábhair.

(2) Chuir an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan([2]) treochlár comhpháirteach i láthair don iomaíochas agus don dícharbónú. Is é is aidhm don treochlár cur le táirgeadh inbhuanaithe athléimneach san Eoraip chun dul níos faide ná réitigh neamh-chomhtháite thraidisiúnta tríd an slabhra luacha ina iomláine a chur san áireamh. Cuireann sé príomh-mhargaí, an chiorclaíocht agus rochtain ar ábhair chun cinn freisin mar spreagthaí riachtanacha don iomaíochas.

(3) Ina 'straitéis ceimiceán don inbhuanaitheacht – i dtreo timpeallacht atá saor ó thocsainí'([3]), d'fhógair an Coimisiún fís fhadtéarmach do bheartas ceimiceán an Aontais, lena n-áirítear nuálaíocht a chur chun cinn le haghaidh **ceimiceáin[4] agus ábhair atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh (SSbD).** Leagtar síos sa straitéis gníomhaíochtaí sonracha maidir le táirgeadh agus úsáid ceimiceán, chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a neartú, agus borradh á chur an tráth céanna faoin nuálaíocht le haghaidh ceimiceáin shábháilte inbhuanaithe. Iarrtar sa straitéis freisin ar na Ballstáit, ar an tionscal agus ar na páirtithe leasmhara eile tosaíocht a thabhairt don nuálaíocht chun substaintí ar údar imní iad([5]) ar fud na n-earnálacha a ionadú, a mhéid is féidir.

---

1 Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach (COM(2025) 30 final)

2 An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú (COM(2025) 85 final).

3 Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht (COM(2020)667 final).

4 Úsáidtear an téarma 'ceimiceán' i roinnt píosaí reachtaíochta de chuid an Aontais, uaireanta le difríochtaí tábhachtacha nó miondifríochtaí sa bhrí. Úsáidtear téarmaí níos sonraí i roinnt píosaí reachtaíochta de chuid an Aontais maidir le ceimiceáin chun tuairisc a thabhairt ar fhoghrúpaí ceimiceán, amhail 'substaintí' agus 'meascáin (de shubstaintí)'. I gcomhthéacs an Mholta seo, tá an téarma ceimiceán le léirmhíniú sa chiall is leithne. Chun é sin a threisiú, áirítear ábhair go sainráite i raon feidhme an chreata SSbD freisin, fiú más rud é, i gcás roinnt píosaí reachtaíochta de chuid an Aontais, go meastar gur meascáin substaintí iad na hábhair, i.e. ceimiceáin astu féin.

5 Mar a shainítear chun críocha na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht (COM(2020)667 final)

(4) Is cúis imní do mhuintir na hEorpa é tionchar na gceimiceán agus na n-ábhar ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol. Léiríodh i suirbhé Eorabharaiméadair in 2024([6]) go bhfuil imní ar 84 % de mhuintir na hEorpa faoin tionchar a bhíonn ag ceimiceáin dhíobhálacha atá i ngnáth-tháirgí ar a sláinte, agus go bhfuil imní ar an gcion céanna faoin tionchar a bhíonn ag ceimiceáin dhíobhálacha ar an gcomhshaol.

(5) Sainaithníodh na céadta substaintí cheana féin mar shubstaintí arb údar mór imní iad faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH)([7]). I gcás fhormhór na substaintí sin, is é an t-aicmiú comhchuibhithe an bonn atá le sainaithint i gcomhréir le Rialachán CE 1272/2008 maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (ALP)([8]), lena gcomhchuibhítear critéir chun substaintí agus meascáin a aicmiú lena mbaineann guaiseacha fisiceacha, sláinte agus comhshaoil agus guaiseacha breise. Rinneadh athbhreithniú ar an Rialachán sin in 2024 chun catagóirí guaise nua a chur san áireamh. Le Rialachán Uimh. 2024/1781 maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe([9]), sainítear grúpa níos mó freisin mar shubstaintí ar údar imní iad bunaithe ar a n-aicmiú comhchuibhithe le haghaidh guaiseacha áirithe a mbíonn éifeachtaí ainsealacha acu, chomh maith le hábhair imní maidir lena n-éifeachtaí ar athchúrsáil, ar athúsáid agus ar bhreithnithe eile a bhaineann leis an nGeilleagar Ciorclach

(6) Luaitear sa Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe ([10]) gur cheart a chur san áireamh sna ceanglais feidhmíochta a leagtar síos maidir le paraiméadair táirgí na measúnuithe ar shábháilteacht cheimiceach atá ann cheana arna ndéanamh ag comhlachtaí ábhartha an Aontais le haghaidh na substaintí lena mbaineann, chomh maith le critéir atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh le haghaidh ceimiceán agus ábhar, arna bhforbairt ag an gCoimisiún.

(7) Tagraítear sa Teachtaireacht maidir le hArdábhair le haghaidh Ceannaireacht Thionsclaíoch([11]) don choincheap 'sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh' (SSbD) mar chroílár an phróisis claochlaithe ábhar.

(8) Leagtar béim sa phlean gníomhaíochta maidir le tionscal Eorpach na gceimiceán([12]) ar ról an Mholta seo ón gCoimisiún lena ndéantar athbhreithniú ar an gcreat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair SSbD chun iomaíochas thionscal

---

6 Suirbhé Eorabharaiméadair (2024) *Attitudes of Europeans towards the Environment* [Meonta mhuintir na hEorpa i leith an Chomhshaoil] – Mí na Bealtaine 2024

7 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún, *IO L 396, 30.12.2006, lch. 1,* ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj

8 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, *IO L 353, 31.12.2008, lch. 1,* ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj

9 Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, *IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj*

10 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis - paraiméadair tháirge mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, go háirithe pointe (f)

11 Teachtaireacht maidir le hArdábhair le haghaidh Ceannaireacht Thionsclaíoch, (COM(2024) 98 final)

12 Plean Gníomhaíochta maidir le Tionscal Eorpach na gCeimiceán (COM(2025)530 final)

ceimiceán an Aontais a threisiú tríd an bpróiseas nuálaíochta i dtreo roghanna malartacha níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a dhéanamh níos éifeachtúla. Fógraítear sa phlean gníomhaíochta seoladh mhoil nuálaíochta agus ionadaíochta an Aontais mar uirlisí deonacha chun dlús a chur leis an nuálaíocht cheimiceach agus chun í a uas-scálú agus leagtar béim ann ar ról an choincheapa SSbD, lena gcuirtear treoraíocht theicniúil ar fáil ón nuálaíocht luathchéime.

(9) Leagtar béim sa straitéis um eolaíochtaí beatha([13]) ar a thábhachtaí atá sé táirgí sábháilte inbhuanaithe a chur in úsáid agus a ghlacadh ar bhealach comhordaithe. Leagtar béim inti ar ról an chreata Eorpaigh um measúnú le haghaidh ceimiceáin agus ábhair SSbD chun cuspóirí inbhuanaitheachta agus iomaíochais an Aontais a shaothrú, agus san aistriú tionsclaíoch glan, lena spreagtar an tionscal chun roghanna malartacha níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a chur in ionad substaintí ar údar imní iad.

(10) Leagtar béim sa straitéis Eorpach um an intleacht shaorga (IS) san eolaíocht([14]) ar an gcaoi ar féidir leis an intleacht shaorga dul chun cinn a éascú maidir le dearadh ardábhar, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le feidhmiúlacht, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht.

(11) Tá tacaíocht thiomnaithe curtha ar fáil ag an gclár Fís Eorpach do ghníomhaíochtaí taighde atá dírithe ar an gCreat SSbD a oibríochtú chomh maith leis an gCreat a chur i bhfeidhm chun borradh a chur faoin nuálaíocht i dtreo ceimiceáin agus ardábhair atá níos sábháilte agus níos inbhuanaithe. Cuireadh tacaíocht ar fáil, trí ghlaonna sonracha ó Bhraisle 4 d’Fhís Eorpach (‘Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás’), agus tríd an gcomhpháirtíocht Eorpach maidir le hardábhair (IAM4EU), tríd an tionscnamh nuálach sláinte, trí cheallraí don Aontas, agus trí chomhpháirtíochtaí ciorclacha bithbhunaithe don Eoraip.

(12) Mar phríomhchuid chun glao an Chompáis Iomaíochais a bhaint amach chun borradh a chur faoin nuálaíocht, tá sé d’aidhm ag straitéis an Aontais um ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú([15]) timthriall nuálaíochta dearfach a atosú trí thimpeallacht fhabhrach infheistíochta agus ghnó a chruthú do chuideachtaí óga agus nuálacha chun tosú, leathnú agus rath a bheith orthu. Áirítear leis sin bacainní a laghdú maidir le taighde a aistriú go táirgí indíolta agus glacadh nuálaíochta níos leithne.

(13) I bhfianaise an mhéid sin, moltar sa Mholadh seo creat measúnaithe Eorpach athbhreithnithe le haghaidh ceimiceáin agus ábhair SSbD (an Creat SSbD). Beidh an Creat athbhreithnithe sin ina phointe tagartha nua do na Ballstáit, don tionscal, d’institiúidí ardoideachais agus d’eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta le húsáid mar mhodheolaíocht um measúnú agus cinnteoireacht.

(14) Is é is aidhm don Chreat SSbD a bheith ina chur chuige cinnteoireachta deonach chun an nuálaíocht a stiúradh i dtreo ceimiceáin agus ábhair atá níos sábháilte agus níos inbhuanaithe le linn a saolré ar fad. Tacaíonn sé leis an gcinnteoireacht ar fud an phróisis nuálaíochta agus cuireann sé comhthuiscint ar fáil ar phrionsabail SSbD ar fud na slabhraí luacha. Treisíonn sé an t-iomaíochas tríd an bpróiseas nuálaíochta i dtreo

---

[13] Teachtaireacht dar teideal Roghnaigh an Eoraip le haghaidh na n-eolaíochtaí beatha Straitéis chun an tAontas Eorpach a chur ar an áit is tarraingtí ar domhan le haghaidh eolaíochtaí beatha faoi 2030 (COM(2025)525 final)

[14] Teachtaireacht maidir le Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht (COM(2025) 724 final)

[15] Teachtaireacht maidir le ‘Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú. Roghnaigh an Eoraip chun dul i mbun gnó agus méadú’ (COM(2025) 270 final)

roghanna malartacha níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a dhéanamh níos éifeachtúla, agus eolas agus eolaíocht maidir le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht á gcur chun cinn an tráth céanna.

(15) Cuireann an Moladh athbhreithnithe seo le Moladh (AE) 2022/2510 ón gCoimisiún, lena mbunaítear creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh'. Leagadh amach i Moladh 2022 creat chun tacú le dearadh, táirgeadh agus úsáid ceimiceán agus ábhar níos sábháilte agus níos inbhuanaithe chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, agus a dtionchair ar feadh a saolré á meas. Tá an t-athbhreithniú bunaithe den chuid is mó ar thorthaí an dá chéim thástála lenar féidir aiseolas ó na páirtithe leasmhara a chur san áireamh([16]) . Ba é ab aidhm do na céimeanna tástála bonn eolais a chur faoi nuashonrú ar an gCreat SSbD chun feabhas a chur ar a ábharthacht, a iontaofacht agus a inoibritheacht.

(16) Agus na gnéithe den Chreat SSbD tosaigh á gcoinneáil ar bun, eadhon céim dhearaidh/athdhearaidh agus céim mheasúnaithe, feidhmíonn anailís scóipe nuafhorbartha mar thúsphointe chun na príomhghnéithe nach mór aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Cuidíonn an anailís scóipe leis an gcóras atá faoi staidéar a shainiú, na prionsabail dearaidh roghnaithe a chur san áireamh agus dul i dteagmháil leis na gníomhaithe saolré. Leis an gcéim sin, is féidir cur chun feidhme an Chreata SSbD a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais na nuálaithe.

(17) Chomh maith leis na gnéithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil, áirítear anois sa Chreat gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha na hinbhuanaitheachta. Cuirtear san áireamh ann rioscaí agus deiseanna socheacnamaíocha an chórais atá faoi staidéar, d'fhonn tacú le cinnteoireacht níos fadtéarmaí.

(18) Cuireann an Creat SSbD pointí iontrála éagsúla ar fáil anois freisin le haghaidh measúnaithe, rud a chuireann ar a gcumas do nuálaithe cinntí a dhéanamh lena gcuirtear gnéithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta araon san áireamh ar leibhéil éagsúla aibíochta nuálaíochta agus infhaighteachta sonraí. Tríd an timthriall SSbD a athdhearbhú de réir mar a aibíonn an nuálaíocht agus/nó de réir mar a bhíonn faisnéis bhreise ar fáil, cuireann an Creat SSbD measúnú cuimsitheach chun cinn mar bhonn le cinnteoireacht láidir.

(19) Cineálacha cur chuige simplithe a thabhairt isteach le haghaidh measúnuithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta mar phointí tosaigh le haghaidh cinnteoireacht fheasach, d'fhéadfadh tairbhí ar leith a bheith ag baint leis sin do ghnólachtaí beaga nuair a bhíonn acmhainní teoranta, mar shampla le linn luathchéimeanna nuálaíochta.

(20) Beidh sé d'aidhm ag an gCreat SSbD rannchuidiú le próisis nuálaíochta níos éifeachtúla, rud a dhéanfaidh an gnó níos éasca agus níos tapúla agus comhleanúnachas na n-éiceachóras nuálaíochta á fheabhsú an tráth céanna i gcomhréir le hiarrachtaí simplithe an Choimisiúin, a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le hEoraip Níos Simplí agus Níos Tapúla([17]).

---

16 Abbate E., Garmendia Aguirre I., Bracalente G., et al. Ceimiceáin agus ábhair atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh. Treoraíocht Mhodheolaíoch, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, ISBN 978-92-68-16357-3, doi:10.2760/28450.

17 An Coimisiún Eorpach: An Ardrúnaíocht, Eoraip níos simplí agus níos tapúla, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2792/5923929

(21) I gcomhréir leis an rialachán maidir le sonraí([18]), tá ardán sonraí comhchoiteann de chuid an Aontais maidir le ceimiceáin á fhorbairt. Comhtháthóidh sé sonraí ceimiceán ó rannchuiditheoirí éagsúla i gcomhréir leis na prionsabail inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte (FAIR). Ar thaobh amháin, cuirfidh an Coimisiún chun cinn ionchorprú sonraí ardcháilíochta FAIR maidir le ceimiceáin arna nginiúint ag na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) SSbD in ardán sonraí comhchoiteann an Aontais maidir le ceimiceáin agus, ar an taobh eile, infhaighteacht na sonraí sin chun an Creat SSbD a chur chun feidhme a mhéid is féidir.

(22) Agus sábháilteacht agus inbhuanaitheacht na nuálaíochta laistigh de shlabhraí luacha ar leith á mbreithniú, i gcásanna sonracha d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le toimhdí breise agus le himeacht ó chuid de na cuir chuige a dtugtar tuairisc orthu sa Chreat. Mar shampla, ní mór don mheasúnú ar theicneolaíochtaí cosanta, aeraspáis agus dé-úsáide[19] na gnéithe slándála a urramú.

(23) Leanfaidh an Coimisiún de chur i bhfeidhm an Chreata SSbD a chur chun cinn faoi chláir de chuid an Aontais lena ndírítear ar chuspóirí taighde ábhartha. Tacóidh sé sin le rolladh amach breithnithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta agus le cinnteoireacht sa phróiseas nuálaíochta. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar an Creat SSbD a ionchorprú i ngníomhaíochtaí (T&N) arna gcistiú ag an Aontas.

(24) Urramaítear leis an Moladh seo prionsabal na coimhdeachta, ós rud é go bhfreastalaíonn an Creat SSbD athbhreithnithe ar riachtanais an Limistéir Eorpaigh Taighde agus ar mhargadh aonair an Aontais le haghaidh ceimiceán agus ábhar, i gcás ina bhfuil gá le comhthuiscint ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht le haghaidh ceimiceán agus ábhar. Urramaítear leis freisin prionsabal na comhréireachta, ós rud é go gcuireann sé cur i bhfeidhm an chreata chun cinn trí bhíthin modhanna atá neamhcheangailteach ó thaobh dlí de, i.e. go bhfuil sé deonach agus gan dochar d'aon reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana maidir le ceimiceáin agus ábhair.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. CUSPÓIR agus RAON FEIDHME

1.1. Leis an Moladh seo, cuirtear chun cinn creat Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh' (SSbD) (an Creat SSbD) le haghaidh gníomhaíochtaí T&N i gcleachtas taighdeoirí agus nuálaithe. Leagtar amach **mionsonraí an Chreata SSbD**, bunaithe ar thuarascálacha teicniúla ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin([16,20]), **san Iarscríbhinn** a ghabhann leis an Moladh seo. Mínítear san Iarscríbhinn sin gnéithe atá mar bhonn taca faoin gCreat SSbD, lena n-áirítear sraith critéar SSbD agus lena dtugtar le chéile

[18] COM(2025) 2455 final. Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha lena áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán.

[19] Tagraíonn teicneolaíochtaí dé-úsáide do theicneolaíochtaí is féidir a úsáid chun críoch sibhialta agus cosanta araon

[20] Garmendia Aguirre, I, Abbate, E, Bracalente, G, Mancini, L, Cappucci, G.M, Tosches, D, Rasmussen, K, Sokull-Kluettgen, B, Rauscher, H, Sala, S. (2025) An Coimisiún Eorpach - An tAirmheán Comhpháirteach Taighde. Ceimiceáin agus ábhair atá Sábháilte agus Inbhuanaithe trí Dhearadh. Creat athbhreithnithe (2025), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, ISBN 978-92-68-30330-6, doi: 10.2760/5103785

iad. Tagraítear san Iarscríbhinn freisin don treoraíocht mhodheolaíoch SSbD(16,[21]) lena soláthraítear treoraíocht mhionsonraithe, teimpléid agus forbhreathnú nuashonraithe ar mhodhanna, uirlisí agus foinsí sonraí ábhartha.

1.2. Sainítear leis an gCreat SSbD cur chuige deonach cinnteoireachta ina ndéantar breithnithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta le linn shaolré na gceimiceán agus na n-ardábhar a ionchorprú i bhforbairt ceimiceán nua, ábhar nuálach nó próiseas táirgthe feabhsaithe. Is é is aidhm dó a bheith ina thagairt Eorpach do phróiseas nuálaíochta chun an t-aistriú chuig tionsclaíocht ghlan a shaothrú, agus iomaíochas níos fearr san Aontas á chur chun cinn an tráth céanna, rud ba cheart a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin. Cuireann sé úsáid acmhainní agus bunábhar inbhuanaithe chun cinn, tá sé d'aidhm aige íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag táirgeadh agus úsáid ceimiceán agus ábhar, ar feadh a saolré, i ndáil leis an aeráid, leis an gcomhshaol agus lena n-éifeachtaí ar shláinte an duine. Tacaíonn an Creat SSbD freisin le hionadú substaintí ar údar imní iad trí roghanna malartacha níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a aimsiú agus ba cheart, dá réir sin, infheistíochtaí T&N poiblí agus príobháideacha a threorú leis.

1.3. Cé nach gcuireann an Creat SSbD isteach ar oibleagáidí dlíthiúla nua de chuid an Aontais maidir le ceimiceáin agus ábhair, ná nach gcruthaíonn sé oibleagáidí nua den sórt sin, is féidir leis gníomhaíochtaí agus cinntí réamh-mheasta a threorú laistigh den phróiseas nuálaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a théann níos faide ná an chomhlíontacht dhlíthiúil íosta.

1.4. Tá an Moladh seo dírithe ar na Ballstáit, ar an tionscal (lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú agus seach-chuideachtaí), ar institiúidí ardoideachais, ar eagraíochtaí a bhainistíonn bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, agus ar eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta a rannchuidíonn le dearadh, forbairt, táirgeadh agus glacadh ceimiceán agus ábhar, nó a oibríonn orthu. Iarrann sí orthu an Creat SSbD a úsáid i dtionscadail a chistítear i cibé foirm, bíodh sin trí mhodhanna taighde agus forbartha na gcuideachtaí féin, nó mar shampla faoi chláir de chuid an Aontais nó faoi chláir idirnáisiúnta lena ndírítear ar T&N agus ar a chur in úsáid, agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceimiceáin nó le hábhair, agus é mar chuspóir breithnithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm go córasach. Moltar do na gníomhaithe thuasluaite freisin tagairt a dhéanamh don Chreat SSbD i ndoiciméid ábhartha, lena n-áirítear cláir oibre straitéiseacha um thaighde agus nuálaíocht.

1.5. Ba cheart do na Ballstáit, an tionscal, institiúidí ardoideachais, bonneagair thaighde agus theicneolaíochta agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta a áirithiú freisin go mbeidh na modhanna, na samhlacha agus na sonraí a tháirgtear agus a úsáidtear agus an Creat SSbD á chur i bhfeidhm ailínithe leis na treoirphrionsabail inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte (FAIR).

## 2. ÚSÁIDÍ AN CHREATA SSBD DE RÉIR AN TIONSCAIL

Moltar do ghníomhaithe tionscail (lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus seach-chuideachtaí) an méid seo a leanas a dhéanamh:

[21] Tuilleadh nuashonruithe maidir le treoraíocht mhodheolaíoch: https://research-and-innovation.ec.europa.eu/research-area/industrial-research-and-innovation/chemicals-and-advanced-materials/safe-and-sustainable-design_ga

2.1. An Creat SSbD a úsáid ina bpróisis T&N chun ceimiceáin nó ábhair a fhorbairt, nó i bpróisis, teicnící agus teicneolaíochtaí táirgthe feabhsaithe, agus sábháilteacht agus inbhuanaitheacht á gcur san áireamh ag gach céim sa tsaolré.

2.2. Sonraí FAIR ardcháilíochta a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht, gan dochar do chearta maoine intleachtúla ná, más ábhartha, do bhreithnithe slándála.

2.3. Dul i dteagmháil le gníomhaithe eile agus iad ag feidhmiú ar fud an tslabhra luacha chun bailiú cuimsitheach sonraí agus cineálacha cur chuige ildisciplíneacha a áirithiú le haghaidh measúnú láidir, go háirithe chun tacú le FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus seach-chuideachtaí, a bhféadfadh acmhainní teoranta a bheith acu.

2.4. Cumarsáid a dhéanamh maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an gCreat SSbD ina ngníomhaíochtaí corparáideacha, sábháilteachta agus measúnaithe inbhuanaitheachta, ar bhealach trédhearcach agus oscailte gan cearta maoine intleachtúla ná, i gcás inarb ábhartha, breithnithe slándála a chur i mbaol.

2.5. Faisnéis a chomhroinnt a thacaíonn le cur i bhfeidhm an Chreata agus a chuireann bonn eolais faoin measúnú, go háirithe faisnéis lena sainaithnítear go díreach saincheisteanna sábháilteachta agus inbhuanaitheachta a d'fhéadfadh a bheith ann, agus an rúndacht agus an t-iomaíochas á gcoimirciú an tráth céanna, i gcás inar gá.

3. ÚSÁID AN CHREATA SSBD AG NA BALLSTÁIT.

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

3.1. An Creat SSbD a úsáid agus a chur chun cinn ina gcláir náisiúnta agus réigiúnacha T&N, agus ar an gcaoi sin tacú le ceimiceáin agus ábhair atá sábháilte agus inbhuanaithe a dhearadh agus a fhorbairt, lena n-áirítear ardábhair, san Eoraip.

3.2. An Creat SSbD a úsáid agus a chur chun cinn i dtionscnaimh áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta lena dtacaítear le ceimiceáin agus ábhair níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a fhorbairt, trí threoraíocht a chur ar fáil ón nuálaíocht luathchéime ar aghaidh.

3.3. Cur le hinfhaighteacht sonraí ardcháilíochta FAIR chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht ach an coincheap seo a ionchorprú agus a chur chun cinn ina gcláir náisiúnta taighde agus nuálaíochta agus i mbeartais ghaolmhara i gcás inarb ábhartha.

3.4. Tacú le feabhas a chur ar mhodhanna, ar mhúnlaí agus ar uirlisí measúnaithe, agus cinn nua a chur ar fáil, lena gcomhtháthú sa Chreat SSbD chun feabhas a chur ar an measúnú ar shábháilteacht agus ar inbhuanaitheacht.

3.5. Tacú le forbairt na scileanna agus an tsaineolais trasearnála is gá chun an creat a chur i bhfeidhm, agus rochtain ar na scileanna agus ar an saineolas sin a éascú, go háirithe do FBManna.

3.6. Tacú le bunú agus oibriú Mho(i)l Nuálaíochta agus Ionadúcháin Ceimiceán an Aontais, mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Tionscal Eorpach na gCeimiceán, agus tacú le heagraíochtaí náisiúnta atá freagrach as measúnú sábháilteachta agus inbhuanaitheachta ceimiceán comhoibriú le chéile agus le tionscnaimh, líonraí agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus borradh a chur faoi éiceachórais nuálacha a chuireann dlús leis an aistriú i dtreo ceimiceáin agus ábhair níos sábháilte agus níos inbhuanaithe.

3.7. Cumarsáid phoiblí a dhéanamh maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an gCreat SSbD.

4. ÚSÁIDÍ AN CHREATA SSBD AG INSTITIÚIDÍ ARDOIDEACHAIS, AG BONNEAGAIR THAIGHDE AGUS THEICNEOLAÍOCHTA AGUS AG EAGRAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA.

Moltar d'institiúidí ardoideachais, do bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta, agus d'eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

4.1. An Creat SSbD a úsáid ina ngníomhaíochtaí T&N chun ceimiceáin agus ábhair a fhorbairt, lena n-áirítear ardábhair, nó i bpróisis, teicnící agus teicneolaíochtaí táirgthe feabhsaithe, agus an tsábháilteacht agus an inbhuanaitheacht ag gach céim sa tsaolré á gcur san áireamh.

4.2. Sonraí ardcháilíochta FAIR a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar inbhuanaitheacht, gan dochar do chearta maoine intleachtúla ná, i gcás inarb ábhartha, do bhreithnithe slándála, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 23 Bealtaine 2024 maidir le slándáil taighde a fheabhsú. Ba cheart sonraí den sórt sin a chomhroinnt tríd an Ardán Sonraí Comhchoiteann maidir le Ceimiceáin agus a sheirbhísí, i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais (ECHA, EEA, EFSA), de réir mar is iomchuí.

4.3. Cumarsáid a dhéanamh maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an gCreat SSbD ina ngníomhaíochtaí corparáideacha, sábháilteachta agus measúnaithe inbhuanaitheachta, ar bhealach trédhearcach agus oscailte gan dochar do chearta maoine intleachtúla ná, i gcás inarb ábhartha, do bhreithnithe slándála.

4.4. Páirt a ghlacadh i bhforbairt, i gcur chun cinn agus i nglacadh modhanna, samhlacha agus uirlisí measúnaithe nua is féidir a chomhtháthú sa Chreat SSbD chun feabhas a chur ar an measúnú ar shábháilteacht agus ar inbhuanaitheacht ceimiceán agus ábhar.

4.5. Tacú le hoiliúint ghairmiúil agus curaclaim oideachais a fhorbairt chun teagasc na scileanna is gá chun an Creat SSbD a chur chun feidhme agus comhar gaolmhar idir gníomhaíochtaí náisiúnta nó uile-Aontais níos leithne sa réimse sin a áirithiú.

5. CUR CHUN FEIDHME AN MHOLTA A DHOICIMÉADÚ:

5.1. Cuirfidh an Coimisiún teimpléad ar fáil do na gníomhaithe uile (ó na Ballstáit, ón tionscal, ó institiúidí ardoideachais, ó bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta, agus ó eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta), mar aon le treoraíocht mhodheolaíoch chun scaipeadh faisnéise a éascú ar fud na slabhraí luacha éagsúla maidir le cur chun feidhme an Chreata SSbD.

5.2. Leis na gníomhaíochtaí doiciméadaithe sin, beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún níos mó trédhearcachta a áirithiú, agus an tráth céanna athúsáid sonraí ar fud an tslabhra luacha a spreagadh, chun tuairisciú dúblach a laghdú, i gcomhréir le prionsabail an tsimplithe. Leis na gníomhaíochtaí doiciméadachta, ba cheart fianaise a sholáthar freisin maidir le feabhas a chur ar uirlisí an Chreata SSbD agus maidir le forbairt chomhleanúnach a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar inbhuanaitheacht ceimiceán agus ábhar.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*

*Ekaterina Zaharieva*

*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

**Martine DEPREZ**
**Stiúrthóir**
**Cinnteoireacht agus Coláisteacht**
An Coimisiún Eorpach